



An Bhruiséil, 4 Aibreán 2022
(OR. en)

7777/22

Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0038(NLE)

SCH-EVAL 35
SIRIS 42
COMIX 163

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

Ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle
Uimh. an doic. roimhe seo:	7776/22
Ábhar:	Dréacht-Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaitníodh i meastóireacht 2021 a rinneadh ar an mBeilg maidir le cur i bhfeidhm <i>acquis</i> Schengen i réimse Chóras Faisnéise Schengen

1. Tar éis do Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú a bheith glactha ag an gComhairle, rinne foireann saineolaithe ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún meastóireacht ar an gcur i bhfeidhm a rinne an Bheilg ar *acquis* Schengen i réimse Chóras Faisnéise Schengen in 2021.
2. I gcomhréir leis an Rialachán sin, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh a ceapadh chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaitníodh sa mheastóireacht sin agus a áiritheoidh go gcuirfidh an Bheilg na rialacha Schengen uile a bhaineann le Córas Faisnéise Schengen i bhfeidhm i gceart agus go héifeachtach.

3. D'fhormheas an Mheitheal um Ábhair Schengen, lena n-áirítear comhpháirtithe an Choiste Mheasctha, eadhon, an Iorua, an Íoslainn, an Eilvéis agus Lichtinstéin, an togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh an 31 Márta 2022.
4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a mholadh don Chomhairle an dréachtchinneadh cur chun feidhme, mar a leagtar amach in 7776/22 é, a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.
